Tugann an bhileog seo eolas do dhaoine atá cláraithe le seirbhís Mo Leabharlann Oscailte a úsáid ag Leabharlann Dhroim Chonrach. Cuireann an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte uaireanta oscailte breis ar fáil ó 8am go dtí na gnáth uaireanta oscailte agus ó na ghnáth amanna dúnta go dtí 10pm gach lá do dhaoine a chláraíonn mar bhaill Mo Leabharlann Oscailte.   Ar na laethanta a bheidh an leabharlann dúnta, beidh an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte ar fáil ó 8am – 10pm. Ní mór duit a bheith 16 bliana d'aois nó ós a chionn chun clárú don tseirbhís seo. Ní mór do bhaill atá faoi bhun 16 bliana d'aois rochtain a fháil ach le tuismitheoir/caomhnóir a bheith in éineacht leo.

### Ag Teacht Isteach agus ag Fágáil na leabharlainne

1. Ní mór duit do chárta leabharlainne agus UAP a bheith agat. Déan do chárta a scanadh faoin scanóir barrachód in aice leis an bpríomhdhoras.
2. Ní mór don bharrachód a bheith béal in airde agus na huimhreacha a bheith aghaidh istigh. Nuair a chloiseann tú bíp, cuir isteach do UAP. Osclófar an doras go huathoibríoch ar feadh 15 soicind.
3. Fan san fhorhalla go dtí go ndúntar an doras. Tá an freagracht ort gan duine ar bith eile a scaoileadh isteach. Ní mór duit dul isteach i d'aonair gan ball eile de chuid Mo Leabharlann Oscailte leat.
4. Ar an tslí amach as an leabharlann brúigh ancnaipe airgid goirm 'Brúigh le hoscailt' (Press to open) atá le hais an doras ar dheis.

**DÉANTAR MONATÓIREACHT TCI AR AN LEABHARLANN AN tAM AR FAD.**

WC

### Ag dul isteach sa leithreas

- Tá an leithreas inrochtana lonnaithe i leabharlann na ndaoine fásta (léirithe ar an Léarscáil)
- Cas hanla an dorais chun é a oscailt agus cuir glas de láimh air i do dhiaidh.
- Le teacht amach, bain an glas den doras chun é a oscailt.
- I gcás éigeandála, bain úsáid as an idirchum atá sa leithreas le teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta mhonatóireachta a chabhróidh leat.

### Am Dúnta

Dúntar an leabharlann ag 10pm ar an toirt. Lean na treoracha fuaime, le do thoil, agus fág an leabharlann in am. Cuirfear an t-aláram ionraidh ar siúl ag am dúnta. Déanfaidh duine ar bith atá sa leabharlann i ndiaidh 10pm an t-aláram ionraidh a ghníomhachtú, lena dtugtar foláireamh don chuideachta mhonatóireachta. Táimid lonnaithe i gceantar cónaithe ciúin. Ná déan dearmad ar ár gcomharsana agus tú ag fágáil an fhoirgnimh san oíche.

## Fadhbanna a Thuairisciú

Cuir ríomhphost chuig drumcondralibrary@dublincity.ie chun aon fhadhbanna maidir le Mo Leabharlann Oscailte a úsáid i Leabharlann Dhroim Conrach a chur in iúl. I gcás éigeandála, lean an nós imeachta thíos.

## Nós Imeachta Éigeandála

I gcás aláraim dóiteáin, cuirfear bonnán ar siúl san fhoirgneamh. Fág an leabharlann tríd an mbealach éalaithe is cóngaraí duit, le do thoil. I gcás gearradh cumhachta, cuirfear soilsiú éigeandála ar siúl. Fág an leabharlann tríd an mbealach éalaithe is cóngaraí duit, le do thoil.

**Tá dhá bhealach éalaithe ann (mar atá léirithe ar an léarscáil)**

- Doras tosaigh na leabharlainne
- Doras an bhealaigh éalaithe ag cúl an fhoirgnimh.

Tá an tIonad Tionóil lonnaithe ag cuaille an tsolais sráide os comhair foirgneamh na leabharlainne.

Má bhraitheann tú nach bhfuil tú sábháilte sa leabharlann, nó má leanann duine éigin isteach thú gan a gcárta agus UAP a úsáid:

Bain úsáid as an bhfón éigeandála chun dul i dteagmháil leis an gcuideachta mhonatóireachta nó bain úsáid as d'fhón póca féin chun dul i dteagmháil leis an gcuideachta mhonatóireachta ar **049-9527100**

I gcás éigeandála, bain úsáid as d'fhón póca chun glao a chur ar **999 / 112** do na seirbhísí éigeandála.

Is é **D09PT78** Eirchód na Leabharlainne

Tá Bosca Garchabhrach in aice leis an bhfón éigeandála..

# My Open Library





## Leabharlann Dhroim Conrach

| Lá | Uaireanta le Foireann i Láthair | Uaireanta Mo Leabharlann Oscailte |
|---|---|---|
| Dé Luain | 10.00r.n. - 1.00i.n. | 8.00r.n. – 10.00r.n. |
| | 2.00i.n. - 5.00i.n. | 5.00i.n. – 10.00i.n. |
| Dé Máirt | 12.45i.n. – 4.00i.n. | 8.00r.n. – 12.45i.n. |
| | 4.45i.n. – 8.00i.n. | 8.00i.n. – 10.00i.n. |
| Dé Céadaoin | 10.00r.n. - 1.00i.n. | 8.00r.n.– 10.00r.n. |
| | 2.00i.n. - 5.00i.n. | 5.00i.n. – 10.00i.n. |
| Déardaoin | 12.45i.n. – 4.00i.n. | 8.00r.n. – 12.45i.n. |
| | 4.45i.n. – 8.00i.n. | 8.00i.n. – 10.00i.n. |
| Dé hAoine | 10.00r.n. - 1.00i.n. | 8.00r.n. – 10.00r.n. |
| | 2.00i.n. - 5.00i.n. | 5.00i.n. – 10.00i.n. |
| Dé Sathairn | 10.00r.n. - 1.00i.n. | 8.00r.n. – 10.00r.n. |
| | 2.00i.n. - 5.00i.n. | 5.00i.n. – 10.00i.n. |
| Dé Domhnaigh | No Staff | 8.00r.n. – 10.00i.n. |

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Leabharlanna
Libraries

# Drumcondra Library Map




## Key:

- WC — Leithris Phoiblí
- Bothanna féinseirbhíse
- Ceap bioráin an léitheoir barrachóid
- Idirchum chuig an ngnolacht monatóireachta
- Bealach amach éigeandála
- Bosca scimeála, priontáil srl.
- Bosca garchabhrach
- Fón éigeandála

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Leabharlanna
Libraries